C/2024/1775

22.3.2024

P9_TA(2023)0300

Aontachas le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Meán Fómhair 2023 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2019/1754 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le Sonrúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (07424/2023 – C9-0145/2023 – 2022/0372(NLE))

(Toiliú)

(C/2024/1775)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (07424/2023),

— ag féachaint d'Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le Sonrúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (11510/2018),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207 agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0145/2023),

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) agus Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0237/2023),

1. ag tabhairt a toilithe don dréachtchinneadh ón gComhairle;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.